C/2024/4765

29.7.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a liostaítear i gCinneadh (CBES) 2024/2056 ón gComhairle lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a chumhdaítear le Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2055 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus ar eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac

(C/2024/4765)

Dírítear aird na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas thuasluaite a liostaítear i gCinneadh (CBES) 2024/2056 ón gComhairle [1] agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2055 ón gComhairle [2] an 26 Iúil 2024 ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá an Chomhairle tar éis a chinneadh bunús an liosta de dhaoine, grúpaí agus eintitis a chumhdaítear leis na bearta in Airteagail 2 agus 3 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle [3] an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus i Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle [4] an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus ar eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, a áireamh.

A mhéid a bhaineann leis na daoine, na grúpaí agus na heintitis eile a liostaítear i gCinneadh (CBES) 2024/2056 agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2055, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh gur bailí fós iad na cúiseanna lena n-áireamh ar an liosta thuasluaite de dhaoine, grúpaí agus eintitis a chumhdaítear le Comhsheasamh 2001/931/CBES agus le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001. Dá bhrí sin, tá cinnte ag an gComhairle na daoine, na grúpaí, agus na heintitis sin a choinneáil ar an liosta sin.

Le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 an 27 Nollaig 2001, foráiltear gur féidir gach ciste, gach sócmhainn airgeadais, agus gach acmhainn eacnamaíoch eile dá bhfuil ag na daoine, na grúpaí, agus na heintitis sin a reo, agus nach ceadmhach aon chistí, sócmhainní airgeadais ná acmhainní eacnamaíocha eile a chur ar fáil dóibh, go díreach ná go hindíreach.

Tugtar ar aird na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a liostaítear iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán d'fhonn údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den Rialachán sin.

Féadfaidh na daoine, na grúpaí agus na heintitis lena mbaineann iarraidh a chur isteach chun ráiteas ar chúiseanna a bhfuiltear fós á n-áireamh nó á gcoinneáil ar an liosta thuasluaite a fháil ón gComhairle (murab é gur cuireadh an ráiteas ar chúiseanna sin ar fáil cheana féin dóibh). Is ceart aon iarraidh den chineál sin a chur chuig an seoladh seo:

Comhairle an Aontais Eorpaigh (Faoi chúram: ainmníochtaí COMET)
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Féadfaidh na daoine, na grúpaí agus na heintitis lena mbaineann, tráth ar bith, iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chuig an seoladh thuas, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh iad a chur agus a choinneáil ar an liosta. Déanfar na hiarrataí sin a mheas ach a bhfaighfear iad. I dtaca leis sin, tugtar ar aird na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas lena mbaineann go ndéanann an Chomhairle athbhreithniú go tráthrialta ar an liosta de réir Airteagal 1(6) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES. Chun gur féidir iarrataí a mheas faoin gcéad athbhreithniú eile, ní mór iad a thíolacadh faoin **4 Deireadh Fómhair 2024**.

Tugtar ar aird na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas lena mbaineann gur féidir agóid a thabhairt os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh in aghaidh a n-ainmnithe, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 263(4) agus (6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

(1) IO L, 2024/2056, 26.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2056/oj.
(2) IO L, 2024/2055, 26.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2055/oj.
(3) IO L 344, 28.12.2001, lch. 93.
(4) IO L 344, 28.12.2001, lch. 70.